



Cé a Dhéanann na Cinntí?

Réimse Foghlama: Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Cuspóirí Foghlama

Tá muid ag foghlaim faoi:

- meas a bheith againn ar an ghá atá le cinnteoireacht dhaonlathach agus le rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal;
- na cineálacha éagsúla polaiteoirí atá freagrach as cinnteoireacht sa phobal a aithint; agus
- tuiscint a bheith againn go gcuidíonn obair an CTR linn mar gur cuid den obair é cinntí a dhéanamh a choinníonn sábháilte muid.

Riachtanais Reachtúla

Má dheantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, cuideoidh sin leis na riachtanais reachtúla a leanas a chomhlíonadh:

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

Snáithe a hAon: Tuiscint Phearsanta agus Sláinte

An dóigh lena sláinte, a bhfás agus a bhfolláine a chothú agus teacht chun réitigh go sábháilte agus go héifeachtúil lena dtimpeallacht.

Téama 4a*: Sábháilteacht

- Cur chuige réamhghníomhach agus freagrach a fhorbairt i leith na sábháilteachta.

Snáithe a Dó: Comhthuiscint sa Phobal Áitiúil agus sa Mhórphobal

- cearta daonna agus freagracht shóisialta; agus
- ról gníomhach bríoch a ghlacadh i saol an phobail agus suim a chur sa mhórtimpeallacht.

Téama 9*: Bheith i do Chónaí i bPobal a fhoghlaim

- bheith eolach ar an tábhacht atá le cinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht, agus ar na hinstiúidí a thacaíonn leo seo ar bhonn áitiúil; agus
- bheith eolach ar réimse na bpost agus na hoibre a dhéanann daoine éagsúla.

* Is féidir an Personal Development and Mutual Understanding Progression Grid (Key Stage 2) a íoslódáil ó rannán EC1&2 de shuíomh gréasáin Churaclam TÉ ag: www.ccea.org.uk/curriculum





Scileanna Traschuraclaim & Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta

Má dheantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga, beidh an deis ann na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

| | |
|--|---|
| <p>Smaointeoireacht, Fadhbriteach, agus Cinnteoireacht</p> | <p>Ach an ghníomhaíocht ar líne a chomhlánú, beidh deis ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • réimse de straitéisí a úsáid amhail grúpáil, rangú, athrangú, cur i gcomparáid agus cur i gcodarsnacht le patrún agus gaolmhaireachtaí a aithint agus a chur in ord; agus • an cumas a léiriú straitéisí cuimhne a úsáid chun tuiscint a mhéadú. |
| <p>Cumarsáid: Labhairt agus Éisteacht</p> <p>Ag Obair le Daoine Eile</p> | <p>Agus iad ag roinnt a gcuid smaointe sa Ghníomhaíocht Tosaigh agus ag obair i ngrúpaí le teachtaireacht sábháilteacht phoiblí a dhearadh, beidh an deis ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair agus a bheith rannpháirteach iontu; • a thaispeáint go dtig leo a bheith ag obair i ról éagsúla i ngrúpa agus a bheith freagrach as tascanna cuí; agus • aiseolas a thuiscint agus an dóigh le freagairt dó a fhoghlaim. |

Cé a Dhéanann na Cinntí?
Treoracha

Cuirfidh an deilbhín **cuidiú** agus **an deilbhín faisnéis** na treoracha i gcumhne duit nó tabharfaidh siad leideanna duit faoi cé a dhéanann na cinntí.

Déan cuardach sa phobal áitiúil ar **25 réimse** ina mbíonn polaiteoirí ag déanamh cinntí dúinn.

Brúigh ar gach mír leis an tsaincheist atá i gceist a fheiceáil.

Roghnaigh an polaiteoir, dar leat, atá freagrach as cinntí a dhéanamh maidir leis an réimse sin. Gheobhaidh tú pointe do gach freagra ceart a aimseoidh tú!

Tuilleadh





Achoimre

In Cé a Dhéanann na Cinntí? bogann na páistí timpeall ar léaráid agus tugann buille faoi thuairim faoin chineál polaiteoirí, ó leibhéal éagsúla rialtais, a dhéanann cinntí faoi cheisteanna a théann i bhfeidhm ar ghnéithe den tsaol laethúil.

Sa Ghníomhaíocht Tosaigh, iarrtar ar na páistí smaoineamh ar na háiteanna sa phobal atá tábhachtach dóibh. Fiosraítear sa ghníomhaíocht tábhacht na cinnteoireachta daonlathaí agus an ról atá ag polaiteoirí inti.

Cuirtear béim sa Ghníomhaíocht Eile ar an dóigh a gcuidíonn CTRanna linn. Déanann na páistí rólímirt ar phost Aire/CTR, agus iad ag cruthú fógra sábháilteacht phoiblí agus á chur i láthair an phobail.

Gníomhaíocht Tosaigh

Iarr ar na páistí ligean orthu féin gur duine clúiteach iad ina mbaile féin. Caithfidh na páistí a shocrú cad é an clú ba mhaith leo a thuilleamh dóibh féin. Ar mhaith leo a bheith ina bpolaiteoir- ina gCéad-Aire, nó ina n-eolaí cosúil leis na laochra ETIM: <http://www.nicurriculum.org.uk/stem/stemheroes>. B'fhéidir gur mhaith leo a bheith ina bpeileadóir idirnáisiúnta, seó tallainne a bhuachan le clú mar amhránaí cáiliúil a bhaint amach, a bheith ina mbuaiteoir Dhuais Nobel amhail an scríbhneoir Seamus Heaney, nó a bheith ina n-aisteoir ar nós Liam Neeson?

Faigheann na páistí glaoh ó chriú scannáin atá i mbun clár a dhéanamh faoin dóigh ar thuill siad clú. Ba mhaith leis an Stiúrthóir cuairt a thabhairt ar áiteanna a bhí tábhachtach dóibh sa phobal arb as dóibh. Caithfidh na páistí trí áit a roghnú a dtabharfaidh siad an criú scannáin chucu. Thioctadh samplaí mar seo a bheith ann: an pháirc peile sa cheantar, an linn snámha, an club óige, an scoil, an pháirc, an leabharlann, feirm, trá nó abhainn. Iarr orthu na háiteanna sin a tharraingt ar an stiallscannán in Áis 1.

Áiseanna Foghlama Gaolmhara

Cuidíonn Muintearas, Aonad Téamach de chuid Bhliain 5, leis na páistí eolas a chur ar an áit a bhfuil cónaí orthu ann. Tá an tAonad Téamach sin ceangailte fosta le Smointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) Bliain 5/6 – An Áit a gCónaím.

Is féidir Muintearas agus An Áit a gCónaím a íoslódáil ó rannán EC1&2 ar shuíomh gréasáin Churaclam TÉ ag: www.nicurriculum.org.uk

Iarr ar na páistí a insint don rang faoi na háiteanna ar tharraing siad ar an stiallscannán. Déanaigí plé ar an fháth a bhfuil na háiteanna atá roghnaithe acu tábhachtach dóibh. Seo cúpla moladh leis an chomhrá a spreagadh:

1. A) Cá mhéad duine eile sa phobal a bhaineann úsáid as na háiteanna atá tábhachtacha ag an pháiste?
B) Cad iad na hathruithe nó na feabhsúcháin ba mhaith leis an pháiste a dhéanamh ar na háiteanna seo?
2. Cé atá freagrach as aire a thabhairt do na háiteanna seo?

Bain úsáid as na samplaí a thug na páistí le plé a dhéanamh ar cad é a tharlódh dá mbeadh na daoine go léir a úsáideann an áit tábhachtach, an seomra ranga, mar shampla, ag iarraidh a gcuid athruithe féin a dhéanamh uirthi. Leis sin a léiriú, iarr ar na páistí moltaí a dhéanamh faoin dath ba cheart a chur ar bhallaí an tseomra ranga. Cén dóigh a n-aontódh siad ar cé a dhéanfadh an cinneadh? Dá roghnófaí duine amháin le héisteacht le tuairimí gach duine agus le hiad a thabhairt ar comhaontú ar chinneadh deireanach, an dóigh leo gur bealach cothrom – nó daonlathach – é le cinneadh a dhéanamh?






Mínigh do na páistí go gcaitheann daoine fásta vóta ar son polaiteoirí. Is é cúram na bpolaiteoirí éisteacht leis an phobal agus cinntí daonlathacha a dhéanamh ar a shon. Tá freagrachtaí éagsúla ar pholaiteoirí agus, ina measc, tá freagracht a bhaineann le cinntí a dhéanamh i dtaobh áiteanna atá tábhachtach ag an phobal.

Gníomhaíocht Ar Líne

Bain úsáid as clár bán le Cé a Dhéanann na Cinntí? ón rannán **Bunoidreachas** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) a thaispeáint. Brúigh ar an chnaipe "Amharc ar an Léarscáil":



Bain úsáid as an léarscáil lena thaispeáint go bhfuil ceithre chineál éagsúla de pholaiteoirí ann a dhéanann cinntí faoi na háiteanna atá tábhachtacha ag an phobal. Bíonn siad ag obair ag leibhéal éagsúla rialtais. Thiofadh áit chomh fada ar shiúl le Parlaimint na hEorpa a bheith i gceist, nó áit níos giorra don bhaile ar nós Thionól Thuaisceart Éireann:

Focail agus Frásaí Úra

- Comhairleoir Áitiúil
- CTR
- Feisire
- FPE
- Comhairlí Áitiúla
- Tionól Thuaisceart Éireann
- Parlaimint an RA
- Parlaimint na hEorpa

Scríobh dhá liosta nach bhfuil ag freagairt dá chéile ar an chláir, liosta de theidil phoist agus liosta d'ainm gach leibhéal rialtais. Iarr ar dhaltaí éagsúla saighead a tharraingt leis an chineál cheart polaiteora a mheaitseáil leis an leibhéal cheart rialtais.

Iarr ar an rang amharc ar an léarscáil arís:

- Cé hiad na polaiteoirí a oibríonn cóngarach don bhaile?
- Cad é mar atá sé sin ina chuidiú don phobal áitiúil?

Déan achoimre ar na moltaí a bhí ag na páistí maidir leis an cheist sa Gníomhaíocht Tosaigh: cé atá freagrach as aire a thabhairt dá n-áiteanna tábhachtacha? Ós rud é go bhfuil a fhios acu anois gur polaiteoirí éagsúla a dhéanann cinntí faoi áiteanna sa phobal áitiúil, thig leo úsáid a bhaint as an Gníomhaíocht Ar Líne le tomhas a dhéanamh ar cé a dhéanann na cinntí.





Sa Ghníomhaíocht Ar Líne, bogann na páistí thart ar léaráid le 25 áit a ndéanann polaiteoirí cinntí fúthu a aimsiú. Nuair a aimsíonn siad siombail aibhsithe, ba chóir dóibh brú:

- ar an tsiombail le hamharc ar an mhórchéist ghaolmhar;
- ar an chineál polaiteora a dhéanann na cinntí, dar leo, faoin mhórchéist sin; agus
- ar na cnaipí Faisnéis nó Cuidiú ag barr an scáileáin aníos le dul siar ar threoracha ar an dóigh leis an ghníomhaíocht a úsáid.

B'fhéidir gur mhaith leat an scáileán Faisnéis a úsáid leis an rang le léargas a thabhairt ar chineálacha éagsúla polaiteoirí agus na réimsí a ndéanann siad cinntí fúthu. Pléigh an fáth arb é an cineál polaiteora sin an duine is fearr, dar leo, le cinneadh a dhéanamh faoin réimse.



Gníomhaíocht Ghaolmhar

Tá áiseanna ilmheán eile is féidir a fhiosrú sa ghníomhaíocht seo ar shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#):

Cé hiad na CTRanna?

Bain úsáid as an léarscáil lena fháil amach cé hiad na CTRanna sa toghcheantar a bhfuil cónaí ort ann do thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann.

Gníomhaíocht Eile

Déan achoimre ar Cé a Dhéanann na Cinntí? Tá a fhios ag na páistí anois cén cineál polaiteora ar cheart dóibh dul i dteagmháil leis nó léi má tá cuidiú de dhíth orthu i dtaca leis na háiteanna sa phobal atá tábhachtach dóibh. Is féidir tionchar a imirt ar chinntí ach teagmháil a dhéanamh leis an chineál cheart polaiteora le go mbeidh siad eolach ar do thuairimí.

Is iad na CTRanna (Comhaltaí den Tionól Reachtach) na polaiteoirí a oibríonn ag Tionól Thuaisceart Éireann. Is féidir le CTRanna cuidiú linn. Bealach amháin leis sin a dhéanamh bheith páirteach i bhfeachtais eolas poiblí le teachtaireachtaí a bhaineann le sábháilteacht a chur chun cinn; mar shampla sábháilteacht ar na bóithre, cosc coireacht scine, sábháilteacht maidir le tinte ealaíne, cúrsaí feirme, cúrsaí gréine, dóiteáin agus uisce. I measc na bhfeachtais sin bhí an feachtas Siúil go dtí an Scoil a reáchtáil Roinn an Chomhshaoil (DOE).





Déantar Airí de CTRanna nuair a cheaptar iad le bheith i gceannas ar Ranna Rialtais. Is iad na hAirí a shocraíonn ar na feachtais atá de dhíth le sábháilteacht a chur chun cinn. Beidh na CTRanna uilig i bhfách leis na teachtaireachtaí sin a chur chun cinn ina dtoghcheantar. Thig le CTRanna Airí a chur ar an eolas faoi mhórchesteanna agus iarraidh orthu feachtas ar mhórchéist sábháilteachta a eagrú le feachtas a fheabhsú.

Bí ag obair leis na páistí le Meabhairmhapa* a chruthú a bhaineann le feachtais sábháilteachta ar bith a bhfuil siad eolach orthu. Cad é is cuimhin leo faoin fheachtas? Thiocfadh ceisteanna mar seo a úsáid lena spreagadh:

- Cad é mar a cuireadh an feachtas i láthair – an raibh sé ar an teilifís, ar chluiche idirlín nó ar phóstaer?
- Cad é an príomhtheachtairacht a bhí ann?
- Cad é mar a cuireadh an teachtaireacht in iúl? Mar shampla, mana cliste a raibh rím, rap nó amhrán in úsáid ann?
- Cad iad na dathanna, carachtair nó grafaicí a bhí in úsáid?
- Cad é a tharraing aird ar an teachtaireacht – dathanna geala, carachtair a bhí greannmhar nó neamhghnách?

D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú ag an rang amharc ar shamplaí ar líne nó i gcló:

Áiseanna Molta

Tales of the Road: <http://talesoftheroad.direct.gov.uk/>

THINK! Eolas maidir le sábháilteacht ar na bóithre: <http://think.direct.gov.uk/>

Rethink Waste: <http://www.rethinkwasteni.org/>

Feachtais maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin: http://www.nifrs.org/fire_safety/

SAFE ar fheirmeacha: <http://farmsafe.hseni.gov.uk/>

Get a life, get active: <http://www.getalifegetactive.com/>

Iarr ar na páistí ligean orthu féin gur Aire iad atá ag éisteacht leis an phlé sa rang ar na feachtais sábháilteacht phoiblí. Tá siad díreach i ndiaidh buiséad a fháil le teachtaireacht sábháilteacht phoiblí úr a chumadh.

Cuir na páistí i ngrúpaí le cinneadh a dhéanamh ar na rudaí a leanas:

- an mhórchéist a mbeidh siad ag cruthú fógra sábháilteachta fúithi;
- an teachtaireacht/an mana atá le húsáid san fheachtas; agus
- cé acu ar phóstaer, fógra teilifíse nó cluiche ar líne a chuirfear an feachtas i láthair?

Is féidir go mbeidh baint ag an mhórchéist, nó an réimse mórchesteanna, a roghnófar le réimsí eile staidéir, Sábháilteacht ar Bhóithre, mar shampla. I gcás fógra teilifíse nó cluiche ar líne, is clár scéil 3–6 sheat atá le cruthú lena smaoineamh a léiriú. Ba chóir póstaer a dheardh ar leathán mór amháin.

Nuair atá siad réidh, iarr ar gach grúpa páiste sa ghrúpa a ainmniú le ról an Aire atá ag seoladh an fheachtais úir a imirt. Ba chóir don Aire a bheith i gceannas ar an ghrúpa agus iad ag cur na teachtaireachta sábháilteachta i láthair don rang. Is CTRanna a tháinig le tacaíocht a thabhairt don fheachtas na baill eile den ghrúpa. Ba chóir dóibhsean fosta a bheith páirteach i gcur i láthair na teachtaireachta. I ndiaidh do gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair, iarr ar an rang aiseolas a thabhairt ar an dóigh a raibh an teachtaireacht maith agus ina cuidiú.

Má tá sé fóirsteanach, is féidir na teachtaireachtaí sábháilteachta a thaispeáint ar bhalla an tseomra ranga.

* Is féidir an leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2 a íoslódáil ó rannán **EC1&2** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.ccea.org.uk/curriculum







Northern Ireland
Assembly

Bunoideachas


Áis 1: Is Ceiliúrán Mé!



Áit Thábhachtach 1: _____



Áit Thábhachtach 2: _____



Áit Thábhachtach 3: _____

